# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2020

# Scéim Mharcála

# Eolaíocht Talmhaíochta

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

SCÉIM MHARCÁLA DON EOLAÍOCHT TALMHAÍOCHTA GNÁTHLEIBHÉAL 2020

ROINN A HAON Sé cheist le freagairt Tá 20 marc ag gabháil le gach ceist

C 1

(a) *Uigeacht ithreach:*
% den ghaineamh, siolta agus cré (in ithir) **4**

(b) *Uigeacht ithreach a aimsiú:* **4(3)**

*Modh criathraithe:*
Triomaigh an ithir/ brúigh an sampla ithreach/ cóirigh criathair sa chaoi go mbíonn an criathar leis an méid mogalra is mó ar barr/ cuir an ithir sa chriathar ar barr agus cumhdaigh/ croith criathair/ meáigh an méid ithreach i ngach criathar/ déan tagairt don triantán uigeachta ithreach ***Ceithre cinn ar bith***

**nó**

*Modh braistinte:*
Cuimil nó mothaigh ithir (thirim) (idir ordóg agus méar)/ tabhair suntas dá greanacht nó dá míne/ athdhéan le hithir fhliuch/ cuach ithir fhliuch ina meall nó lúb ina fáinní más féidir/ cuir (breathnuithe) i gcomparáid leis an tsreabh-chairt ***Ceithre cinn ar bith***

**nó**

*Modh moirtithe:*
Cuir an sampla ithreach in eascra uisce agus corraigh/ cuir meascán ithreach agus uisce le sorcóir grádaithe, agus cuir tuilleadh uisce leis/ croith an meascán ithreach agus uisce go láidir/ lig don ithir chun socrú/ déan doimhneacht gach comhpháirt ithreach a thomhas/ déan tagairt don triantán uigeachta ***Ceithre cinn ar bith***

(c) *An fáth a n-úsáidfí aon chéim **amháin** díobh thuas:* **4**

*Modh criathraithe*:

| Céim | Cúis |
|---|---|
| Triomaigh ithir | Ceadaíonn don ithir gabháil trí na criathair |
| Brúigh an ithir | Briseann cnapáin ithreach leis |
| Meáigh an ithir | D'fhonn teacht ar mhais na hithreach **nó** ceadú do ríomh an % de gach comhpháirt ithreach |
| Cuir criathair san ord ceart | D'fhonn éascú do dheighilt cáithníní ithreach |
| Croith criathair | D'fhonn cáithníní ithreach a chur trí chriathair |
| Meáigh an ithir i ngach criathar | D'fhonn mais gach comhpháirt den ithir a ríomh |
| Déan tagairt don triantán uigeachta ithreach | D'fhonn uigeacht na hithreach a chinneadh |

**nó**

*Modh braistinte:*

| Céim | Cúis |
|---|---|
| Cuimil an ithir idir mhéara | D'fhonn braistint na hithreach a chinneadh |
| Déan suntas de ghreanacht na hithreach | D'fhonn measúnú a dhéanamh ar inneachar gainimh na hithreach |
| Fliuch an ithir | D'fhonn ligean do chuachadh na hithreach i meall nó i snáithe |
| Cuach an ithir ina meall nó ina snáithe | D'fhonn measúnú a dhéanamh ar inneachar cré agus/nó siolta na hithreach |
| Cuir i gcomparáid le sreabhchairt | D'fhonn uigeacht na hithreach a chinneadh |

**nó**

*Modh moirtithe:*

| Céim | Cúis |
|---|---|
| Corraigh an ithir agus an t-uisce in eascra | D'fhonn cnapáin ithreach a bhriseadh |
| Cuir an ithir agus an t-uisce i sorcóir grádaithe | D'fhonn croitheadh an mheascáin ithreach-uisce a éascú **nó** d'fhonn tomhas na gciseal de gach cineál cáithnín a éascú |
| Croith an meascán ithreach-uisce go láidir | D'fhonn an ithir a dheighilt ina comhpháirteanna éagsúla |
| Lig don ithir socrú | Lena éascú do cháithníní gainimh, siolta agus cré socrú ina gcisil éagsúla. |
| Déan tomhas ar dhoimhneacht gach ciseal | D'fhonn an % de ghaineamh, siolta agus cré a ríomh |
| Déan tagairt don triantán uigeachta ithreach | D'fhonn uigeacht na hithreach a chinneadh |

C 2

(a)

| Ainmhí | Fad iompair (toircheas) | Meáchan an tsleachta nuabheirthe (kg) |
|---|---|---|
| Muc | 3 mhí, 3 seachtaine, 3 lá (**nó** 110 – 120 lá) | 1 – 1.5 kg |
| Caoirigh | 5 mhí (**nó** 145 – 155 lá) | 3 – 5 kg |
| Bó | 9.5 mí (**nó** 280 – 290 lá) | 35 – 45 kg |

**4 + 8(2)**

(b)

(i) *Comhdhéanamh na maothaile:*

An chéad bhainne a fhaigheann mamach óg (nó mamach ainmnithe) óna mháthair

(ii) ***A**n fáth a mbaineann tábhacht léi:*

Faightear saibhreas cothaitheach inti (nó cothaithigh ainmnithe)/ in-díleáiteacht mhór inti/ saibhreas antasubstaintí inti/ soláthraíonn imdhíonacht/ tionchar téimh/ purgóideach ***Dhá cheann ar bith***

C 3

| | | | |
|---|---|---|---|
| (a) | Is piocháin a fhaightear ar dhuillí plandaí iad na stómaí | **F** | |
| (b) | Is ainmhithe athchogantacha iad muca | **B** | |
| (c) | Úsáidtear eorna bhraiche i dtáirgeadh an alcóil | **F** | |
| (d) | Baictéir is cúis leis an mbrúsallóis in eallach | **F** | |
| (e) | Is planda a dhéanann fosúchán ar nítrigin an tseamair | **F** | |
| (f) | Is cineál 'céadphrátaí luatha' atá i bprátaí Golden Wonder | **B** | **10(2)** |
| (g) | Is bruthcharraig atá sa ghaineamhchloch | **B** | |
| (h) | Seasann CCB do Chóimheas Comhshóite Beatha | **B** | |
| (i) | Pumpálann méadailín deas an chroí fuil timpeall an choirp | **B** | |
| (j) | Tugtar cóta leathair ar larbha an ghaláin | **F** | |

C4

| **Trealamh/Innealra** | **Ainm** | **Feidhm** | |
|---|---|---|---|
| B | Corraitheoir sciodair | Chun screamh crua a bhriseadh **nó** chun na solaid agus na leachtanna a mheascadh **nó** chun ligean do gháis éalú **nó** le leathadh níos éasca | |
| C | Gabhálaí burlaí | Burlaí (féir thirim) a iompar **nó** burlaí a chruachadh | **5(2 +2)** |
| D | Céachta (iniompaithe) | Chun ithir a iompú **nó** chun coinleach a chur faoi thalamh **nó** chun fiailí a chur faoin talamh | |
| E | Beathadán cruinn | Farae a thabhairt do bheostoc | |
| F | Leatóir aoiligh | Chun aoileach a leathadh | |

C5

(a) *Foinsí truaillithe:*

Sciodar/ eisilteach sadhlais/ plaisteach/ lotnaidicídí/ luibhicídí/ dramh-ola/ péint luaidhe/ toit (m.sh. dóiteáin aitinn)/ leachtanna nite bleánlainne/ rith leasacháin chun srutha **_Dhá cheann ar bith_**

*Iarmhairtí díobhálacha na bhfoinsí truaillithe thuasluaite:*

(b)

| ***Foinse*** | **Éifeacht dhíobhálach** | ***Foinse*** | **Éifeacht dhíobhálach** |
|---|---|---|---|
| *Sciodar* | Truailliú uisce | *Dramh-ola* | Truailliú uisce |
| *Eisilteach sadhlais* | Truailliú uisce | *Péint luaidhe* | Nimhiúil do Bheostoc |
| *Plaisteach* | Tachtadh Beostoic | *Toit* | Truailliú aeir |
| *Lotnaidicídí* | Is féidir speicis neamhsprice a mharú leo | *Leachtanna nite bleánlainne* | Truailliú uisce |
| *Luibhicídí* | Is féidir speicis neamhsprice a mharú leo | *Rith leasacháin chun srutha* | Truailliú uisce |

**_Dhá cheann ar bith_**

**4(4) + 2(2)**

(c) ***C****leachtais feirmeoireachta chun* $CO_2$ *san atmaisféar a laghdú:*

Crainn (nó fálta sceach) a chur/ innealra feirmeoireachta níos éifeachtúla nó cothabháil cheart an innealra feirme/ painéil ghréine/ íoschuraíocht/ leictreachas gaothghinte/ laghdú ar líon beostoic ar fheirmeacha/ feirmeoireacht orgánach **_Dhá cheann ar bith_**

| C6 | | |
|---|---|---|
| (a)<br><br><br><br><br><br><br>(b) | *Codanna den bholg:*<br>*B:* Cogansach<br>*C:* Reiticealam<br>*D:* Omasam<br>*E:* Abomasam<br><br>*An fheidhm a bhaineann leis an bpáirt:* | **2(4)**<br>**+**<br>**6(2)** |

| **Feidhm** | **Cuid (an litir amháin i ngach cás)** |
|---|---|
| *Fáisctear agus ionsúitear uisce leis* | D |
| *Brúitear bia aníos isteach sa bhéal an athuair leis* | C |
| *Críochnaítear díleá an bhia leis* | E |
| *Faightear baictéir agus prótasóin ann lena ndíleáitear an ceallalós* | B |

| C 7 | | |
|---|---|---|
| | ***Cúis amháin** le **gach** cleachtas feirmeoireachta:* | **5(4)** |
| (a) | *Vacsaíniú na n-ainmhithe feirme:*<br>Coisctear galair (nó galar ainmnithe) **nó** spreagtar táirgeadh antasubstaintí **nó** tugtar imdhíonacht leis | |
| (b) | *Folcadáin chrúb a úsáid:*<br>D'fhonn an chrúibíneach a chosc **nó** ionfhabhtú crúibe a chosc **nó** bacaíl a chosc | |
| (c) | *Prátaí síl deimhnithe a fhás:*<br>Saor ó aicídí (nó aicíd ainmnithe) **nó** saor ó víris **nó** dílis dá gcineál **nó** barra níos mó **nó** síolta grádaithe chuig méid tiúbair aonfhoirmeach | |
| (d) | *Fo-ithir a threabhadh:*<br>Le caolchisil a bhriseadh **nó** draenáil a fheabhsú **nó** ithreacha comhbhrúite a scaoileadh **nó** treá fréimhe a fheabhsú **nó** aerú a fheabhsú | |
| (e) | *Fálta sceach a chothabháil:*<br>Gnáthóga d'fhiadhúlra **nó** teorainneacha nádúrtha **nó** fóntas nádúrtha **nó** fás barr feabhsaithe (ar thaobh na fothana) **nó** creimeadh ithreach a laghdú **nó** ainmhithe a choinneáil teolaí **nó** barra a chosaint **nó** teocht ithreach a mhéadú **nó** bacainn fuaime **nó** ocsaigin a athlíonadh **nó** dé-ocsaíd charbóin a laghdú **nó** spreagadh don bhithéagsúlacht **nó** ar mhaithe le bithshlándáil | |

ROINN A DÓ Trí cheist le freagairt Tá 60 marc ag gabháil le gach ceist

C8

(a)

(i) *Córas innilte banraí*

*Ní mór iad seo a leanas a thaispeáint sa líníocht:*

Slí isteach ar bhanracha (e.g. bóthar nó conair) agus 10 mbanrach ar a laghad — **5, 3, 0**

*Lipéid:*

Bóthar (buan)/ soláthar (uisce)/ fálú/banracha ina bhfeictear athfhás nó athshaothrú/ léiriú ar threo gluaiseachta an bheostoic/ líon na mbanrach atá lipéadaithe (e.g. 20-25 banrach) ***Dhá cheann ar bith*** — **2(2)**

(ii) *Buntáistí:*

Féar úr gach lá/ innilt rialaithe/ uainíocht 21 lá/ eatramh d'athshaothrú an fhéir/ líon cásanna na bpéisteanna seadánacha a laghdú/ is féidir banracha a leasú nuair a bhogtar na hainmhithe ar aghaidh/ úsáid níos éifeachtúla an fhéir (nó níos lú diomailte nó satailte ar fhéar)/ caitheann beostoc níos lú ama ag siúl/ féar blasta ar fáil i gcónaí/ bíonn an féar níos in-díleáite/ táirgeadh uasta d'ainmhithe (nó táil bhainne níos airde agus breisiú meáchain níos mó)/ is féidir roinnt banrach a dhúnadh mar shadhlas (nó mar fhéar tirim)/ ionchur saothair íseal (nó fusacht na bainistíochta) ***Dhá cheann ar bith*** — **2(3)**

*Míbhuntáistí:*

Costasach banrach a shocrú/caithfidh gach soláthar buan uisce a bheith ag banrach/fálú do gach banrach/d'fhéadfadh sé a bheith deacair sadhlas nó féar tirim a lomadh má tá na banracha ró-bheag/ d'fhéadfadh damáiste pasála tarlú (le linn dálaí aimsire áirithe) ***Dhá cheann ar bith*** — **2(3)**

(b)

(i) *Céimeanna chun féar tirim de chaighdeán maith a shábháil agus cúis le céim **amháin** ar bith:*

| **Céimeanna a ghlactar** | **Cúis** |
|---|---|
| Dúnadh páirce in am trátha (nó ar feadh 10 seachtaine) | Dóthain ama d'fhás an fhéir **nó** barr féir thirim níos mó |
| Dóthain leasacháin | Spreagadh d'fhás maith an fhéir **nó** barr féir thirim níos mó |
| Úsáid cineál féir d'ardchaighdeán (nó cineál féir ainmnithe m.sh. seagalach ilbhliantúil) | Féar tirim de chaighdeán níos fearr **nó** níos in-díleáite **nó** níos fusa le sábháil |
| Srian fiailí | Féar tirim de chaighdeán níos fearr **nó** coisctear nimhiú (beostoic) leis |
| Gearr nó lom féar in aimsir thirim | Triomú níos fusa **nó** baol damáiste níos lú leis an aimsir |
| Lig don fhéar sleabhcadh nó triomú | Íslíonn cion taise |
| Suaith (nó iompaigh nó croith) an féar | Triomú níos tapúla **nó** ligean d'aer tríd an bhféar |
| Rácáil (nó bailigh) ina sraitheanna | Níos éasca le burláil |
| Ligean don fhéar triomú roimh a bhurláil | Coisctear lobhadh an fhéir leis |
| Burláil an féar | Níos inláimhsithe (nó níos fusa le hiompar) **nó** níos fusa le stóráil |
| Stóráil féir thirim laistigh de sheid (sceith-dhíonach) nó faoi chlúdach | Coinnítear an féar tirim nó coisctear lobhadh leis |

**4(3) chéim + 3 ar chúis amháin**

(ii) *Cúis le* ***gach*** *céim liostaithe le sábháil sadhlais:*

| Céimeanna liostaithe | Cúis |
|---|---|
| 1. *An féar a bhaint ar lá gréine* | Tiúchan siúcraí níos airde (nó carbaihiodráití) |
| 2. *Ligean don fhéar bainte sleabhcadh* | Méadaítear an t-ábhar tirim **nó** níos lú eisiltigh |
| 3. *An féar bainte a rolladh nó a bhurláil.* | Cruthaítear coinníollacha anaeróbacha (nó díothaítear an t-aer) leis |
| 4. *An féar a chlúdach le plaisteach* | Cruthaítear coinníollacha anaeróbacha leis **nó** coisctear lobhadh féir leis |

**4(3)**

(c) *Tástáil sadhlais shimplí ar an láthair:*

| Tástáil | Toradh agus tátal |
|---|---|
| Dath an tsadhlais | Léiríonn dath buíghlas ardchaighdeán **nó** léiríonn dúghlas (nó donn) droch-chaighdeán |
| Boladh an tsadhlais | Léiríonn boladh géar (nó aigéadach) ardchaighdeán **nó** léiríonn boladh bréan droch-chaighdeán |
| Fáisc an sadhlas (nó déan tástáil ar ábhar tirim nó tástáil DM) | Léiríonn méid beag leachta ag sileadh ón sadhlas ardchaighdeán **nó** léiríonn méid mór leachta ag sileadh uaidh droch-chaighdeán |
| pH an tsadhlais | Léiríonn pH $< 5$ ardchaighdeán **nó** léiríonn pH $> 5$ droch-chaighdeán |
| Blas an tsadhlais | Léiríonn blas géar (nó aigéadach) ardchaighdeán **nó** léiríonn blas milis **nó** searbh droch-chaighdeán |
| Mar a bhraitheann an sadhlas | Léiríonn uigeacht theann ardchaighdeán **nó** léiríonn braistint ramallach droch-chaighdeán |
| | |

**4 Tástáil + 4 Toradh + 4 Tátal**

| C 9 | | |
|---|---|---|
| (a) | (i) *Dúil san aolchloch mheilte:*<br>Cailciam [*Glac le siombail*]<br><br>(ii) *An chaoi ina n-éiríonn ithir aigéadach:*<br>Baint na mbarr/ láisteadh/ fearthainn (aigéadach)/ fual ainmhithe/ cur leasachán áirithe léi/ fásra plandaí (m.sh. spíonlach giúise)/ sciodar nó aoileach a chur léi<br>***Dhá cheann ar bith***<br><br>(iii) *pH de shampla ithreach a aimsiú*:<br>Cuir an ithir san eascra (nó coimeádán oiriúnach)/ cuir uisce driogtha (nó dí-ianaithe) leis / corraigh ithir agus uisce/ scag an meascán/ cuir tuaslagán táscaire uilíoch leis (nó páipéar táscaire) chun scagtha/ déan comparáid idir dath agus cairt pH ***Ceithre cinn ar bith***<br>**nó**<br>Cuir ithir leis an eascra (nó coimeádán oiriúnach)/ cuir uisce driogtha (nó dí-ianaithe) leis/ corraigh ithir agus uisce/ méadar pH/ cuir leictreoid (an mhéadair) isteach san uisce driogtha le cruinneas léamh an mhéadair a sheiceáil/ cuir an leictreoid isteach sa mheascán ithreach-uisce/ léigh an pH<br>***Ceithre cinn ar bith*** | **3**<br><br>**3 + 2**<br><br>**4(3)** |
| (b) | (i) *Na trí phríomhchothaitheach plandaí in 10-10-20:*<br>Nítrigin<br>Fosfar<br>Potaisiam<br>[*Ceadaigh siombailí*]<br><br>(ii) *An fheidhm le ceann amháin de na phríomhchothaitheach plandaí in 10-10-20:*<br>*Nítrigin:*<br>Foirmiú clóraifille (nó dath glas) **nó** coisctear clóróis (nó coisctear buíochan) léi **nó** foirmiú próitéine **nó** méadaítear toradh léi **nó** cuirtear fás duilleach chun cinn léi<br>**nó**<br>*Fosfar:*<br>Cilldeighilt nó aistriú fuinnimh sna cealla **nó** péacadh síolta **nó** cuirtear fás fréimhe **nó** feabhsaítear foirmiú síolta leis<br>**nó**<br>*Potaisiam:*<br>Foirmiú próitéine **nó** cosc galar **nó** cuirtear chun cinn fás folláin leis **nó** cuirtear chun cinn aibiú luath **nó** feabhsaítear caighdeán torthaí leis | **3(4)**<br><br>**4** |

| | | |
|---|---|---|
| (c) | (i) *An chaoi ina stóráiltear aoileach agus sciodar:*<br><br>*Aoileach*<br>Istigh in otrach **nó** ar choincréit **nó** amuigh faoin aer<br><br>*Sciodar:*<br>In umar sciodair faoi thalamh **nó** in umar sciodair ar bhharr talún (clúdaithe)<br><br>(ii) *Difríochtaí idir comhdhéanamh an aoiligh agus an sciodair:* | <br><br><br>**4**<br><br><br>**4** |

| Aoileach | | Sciodar |
|---|---|---|
| Níos lú uisce | **nó** | Níos mó uisce |
| Faightear cochán ann | **nó** | Gan chochán |
| Níos lú nítrigine | **nó** | Níos mó nítrigine |
| Níos mó fosfair | **nó** | Níos lú fosfair |
| Solad | **nó** | Leacht |
| Saibhreas ábhair orgánaigh ann | **nó** | Daibhreas ábhair orgánaigh ann |

***Dhá cheann ar bith*** **2(4)**

(iii) *Réamhchúraimí nuair a shuaitear an sciodar:*
Bíodh masc ort/ ná hoibrigh i d'aonar/ bain an beostoc den tseid/ oscail doirse na seide/ suaith ar lá gaofar/ suaith ón taobh amuigh

***Dhá cheann ar bith*** **2(4)**

| C 10 | | |
|---|---|---|
| (a) | (i) *Cé mhéad crómasóm a fhaightear i ngaiméítí eallaigh:*<br>30<br><br>(ii) *Orgán ina dtáirgtear gaiméítí baineanna:*<br>Ubhagán<br><br>(iii) *An cineál cilldeighilte lena dtáirgtear gaiméítí:*<br>Méóis | **4**<br><br><br>**4**<br><br><br>**4** |
| (b) | *Crosáil 1:*<br>*Gaiméítí:* (G) × (g)<br>*Géinitíopa an tsleachta:* (Gg)<br>*Feinitíopa an tsleachta:* Glas | **2(4)**<br>**4**<br>**4** |
| (c) | *Crosáil 2:*<br>*Géinitíopaí tuismitheoirí:* (Gg) × (Gg)<br>*Gaiméítí a d'fhéadfaí a tháirgeadh:* (G) (g) × (G) (g)<br>*Géinitíopaí an tsleachta:* (GG) (Gg) (gg)<br>*Feinitíopaí an tsleachta:* Glas Ailbíneach | **2(3)**<br>**4(2)**<br>**3(2)**<br>**2(2)** |
| (d) | (i) *Crosphórú:*<br>Cúpláil dhá phór éagsúla ón speiceas céanna **nó** cros-síolrú ar dhá chineál plandaí éagsúla<br><br>(ii) *Buntáiste le crosphórú:*<br>Fuinneamh hibrideach **nó** sliochtmhaireacht mhéadaithe **nó** tál bainne méadaithe **nó** caighdeán bainne níos fearr **nó** frithsheasmhacht mhéadaithe in aghaidh galar **nó** barra méadaithe | **4**<br><br><br>**4** |

C 11

**(a)**

(i) *Pórtha déiríochta:*

Holstein (Freaslannach)/ Geirseog/Ayrshire/ Montbeliarde/ Norwegian Red/ Freaslannach (na Breataine)/ Bollatach (bó Chiarraí) [*Ceadaigh don Ghearr-adharcach*]

***Dhá cheann ar bith*** **2(4)**

(ii) *Cén fáth a n-oireann siad don déiríocht:*

| Pór | Oiriúnacht |
|---|---|
| Holstein (Freaslannach) | Táil bhainne mhaithe |
| Geirseog | Solaid bhainne arda **nó** beagán aire **nó** breith réidh |
| Ayrshire | Solaid bhainne arda **nó** breith réidh **nó** fadsaolaí |
| Montbeilarde | Bainne a oireann do dhéanamh na cáise **nó** torthúlacht mhaith **nó** frithsheasmhacht mhaith i gcoinne maistítis |
| Norwegian Red | Breith réidh **nó** torthúlacht ard **nó** sláinte (útha) mhaith |
| Freaslannach (na Breataine) | Pór dhá fheidhm **nó** táil bhainne arda |
| Gearr-adharcach | Pór dhá fheidhm **nó** táil bhainne arda |
| Bollatach (bó Chiarraí) | Crua **nó** breith réidh **nó** socair |

***Aon cheann ar bith*** **4**

(iii) *Ciondíothú na mba déiríochta:*

Gortú (nó bacaíl nó cosa tinne)/ tál bainne íseal/ droch-chaighdeán bainne (nó mínithe)/ galar (nó galar ainmnithe)/ fadhbanna torthúlachta/ deacrachtaí breithe/ droch-mheon/ uasghrádú/ seanaois/ droch-dhéanamh/ scór baile colainne (BCS) dona

***Dhá cheann ar bith*** **2(4)**

**(b)**

(i) *Saintréithe na mbodóg athsholáthair:*

Dea-bhail cholainne/ úth folláin nó dea-shuíomh siní/ cosa slána/ fionnadh glan snasta/ saor ó ghalair nó sláintiúil (nó comhartha amháin den dea-shláinte mínithe)/ scór baile colainne (BCS) maith (nó dea-bhail orthu)/ póraithe ó bhó le % ard de sholaid bhainne/ meon maith/ póraithe ó athair le EBI (innéacs pórúcháin eacnamaíoch) ard

***Dhá cheann ar bith*** **2(4)**

(ii) *Aois na bodóige ag céad bhreith:*

22 – 26 mhí **4**

(iii) *Sprioc-mheáchan ag an gcéad bhreith:*

500 – 550 kg **4**

(iv) *Comharthaí go bhfuil breith ar tí tarlú*:

Míshocracht/ aonraíonn sí í féin/ pit bhorrtha/ sil múcais ón bpit/ úth borrtha/ bainne ag sileadh ón úth/ ballnaisc pheilbheacha dofheicthe (nó tá a loigíní tite)

***Dhá cheann ar bith*** **2(4)**

| | | |
|---|---|---|
| (c) | (i) *Scóráil ar bhail na colainne (BCS):*<br>Tomhas ar chúltacaí saille ar cholainn ainmhí nó tomhas na gcúltacaí saille ar scála idir 1-5 d'eallach nó na cúltacaí saille arna dtomhas ar scáil idir 1-9 i gcás na muc<br><br>(ii) *An chaoi chun BCS ba a mheas:*<br>Brú láimhe á chur ar (chodanna sonracha) den chnámh droma/le toirt nó seinge colainne a mheas/scála idir 1-5 san eallach/léiríonn 1 róthanaíocht/léiríonn 4 róraimhre ***Dhá cheann ar bith***<br><br>(iii) *Cúis le BCS íseal sna ba:*<br>Drochbheathú **nó** galar **nó** seanaois **nó** gortú **nó** gan ghrodbheathú<br><br>(iv) *Sprioc-BCS ag am breithe:*<br>3 – 3.5 | **4**<br>**+**<br>**4(3)** |

| C 12 | | |
|---|---|---|
| (a) | (i) *Oiriúnuithe duilleacha le haghaidh fótaisintéise:*<br>Achar dromchla mór (nó leathan)/ tanaí/ stómaí/ spásanna aeir móra/ an chuid is mó de na clóraplastaí i dtreo bharr na duilleoige (nó i gciseal pailise)/ soláthar maith féitheacha (nó d'fhíochán soithíoch nó de xiléim nó d'fhléam) ***Dhá cheann ar bith***<br><br>(ii) *Cúiseanna leis na gnáthaimh a thugtar:* | **3(4)**<br>**+**<br>**4(2)** |

| ***Gnáthamh*** | **Cúis** |
|---|---|
| *Cuir an duille in uisce fiuchaidh* | D'fhonn an duille a mharú nó na heinsímí a mhilleadh |
| *Fiuch an duille in alcól nó i mbiotáille mheitileach* | D'fhonn an chlóraifill a bhaint (nó dath glas) |
| *Sruthlaigh an duille in uisce bogthe* | D'fhonn an t-alcól a bhaint **nó** an duille a bhogadh |
| *Doirt tuaslagán iaidín ar an duille* | D'fhonn tástáil a dhéanamh ar dhuille le haghaidh stáirse |

(iii) *Dath deimhneach?* Gormdhubh

| | | |
|---|---|---|
| (b) | (i) *Eisfhearadh:*<br>Fuíolläbhair na meitibileachta a bhaint den chorp **nó** fuíolläbhar a bhaint den fhuil<br><br>(ii) *Páirteanna:*<br>A = Duán<br>B = Úiréadar<br>C = Lamhnán<br><br>(iii) *Substaintí a bhaintear den fhuil sa duán:*<br>Uisce/ úiré/ salann/ hormóin/ vitimíní uiscethuaslagtha/ iain photaisiam<br>***Dhá cheann ar bith***<br>(iv) *Orgáin eisfheartha eile:*<br>Craiceann<br>Scamhóga | **2(4)**<br>**+**<br>**6(2)** |
| (c) | (i) *Codanna den bhláth:*<br>A = Peiteal; B = Antar [*Ceadaigh staimín*]; C = Ubhúlach; D = Stiogma [*Ceadaigh cairpéal*]<br><br>(ii) *Gaothphailnithe nó feithidphailnithe:* Feithid<br>*Cúiseanna leis an rogha:*<br>Peitil mhóra/peitil ghealdathacha/peitil chumhra/ antair bheaga/ antair laistigh de na peitil (nó den bhláth)/ stiogma laistigh de na peitil (nó den bhláth) ***Dhá cheann ar bith***<br><br>(iii) *Forbraíonn E ina:* Toradh<br><br>(iv) *Forbraíonn C ina:* Síol<br><br>(v) *Dálaí bunriachtanacha don phéacadh:*<br>Taise (nó uisce) **agus** Ocsaigin (nó aer) **agus** Teocht oiriúnach (nó teas) | **2(4)**<br>**+**<br>**2(2)**<br>**+**<br>**8(1)** |

| Q 13 | Dhá cheann ar bith de (a), (b), (c), (d) le freagairt | (30, 30) |
|---|---|---|
| (a) | (i) *Fachtóirí a théann i bhfeidhm ar theocht ithreach:*<br>Cineál ithreach/ cion uisce/ dath/ cion húmais nó ábhair orgánaigh/ treoíocht/ airde/ draenáil ***Dhá cheann ar bith***<br><br>(ii) *Dúrabhán:*<br>Ithir le méideanna gar-chomhionanna de ghaineamh, siolta agus cré **nó** ithir le 40% de ghaineamh, 40% de shiolta agus 20% de chré<br><br>(iii) *Buntáistí an dúrabháin:*<br>Draenáil mhaith/ aerú maith/ torthúil/ bogthe/ luath/ soshaothraithe/ acmhainn coinneála uisce mhaith ***Dhá cheann ar bith***<br><br>(iv) *An chaoi a bhfeabhsaíonn péisteanna talún an ithir:*<br>Draenáil a fheabhsú/ aerú a fheabhsú/ ábhar orgánach a dhianscaoileadh ina húmas nó húmas a chur léi/ torthúlacht ithreach a fheabhsú/ ithir a mheascadh/ struchtúr ithreach a fheabhsú ***Dhá cheann ar bith***<br><br>(v) *Fachtóir is cúis le laghdú i líon na bpéisteanna talún:*<br>pH íseal **nó** síorfhliuchras nó triomach **nó** easpa ocsaigine **nó** saothrú ithreach **nó** creachadóirí **nó** cion ábhair orgánaigh íseal | **2(6)<br>+<br>6(3)** |
| (b) | (i) *Eorna:* | **2(5)<br>+<br>5(4)** |

| | Eorna gheimhridh | nó | Eorna earraigh |
|---|---|---|---|
| *1. Tráth síolaithe* | Meán Fómhair – Samhain | | Feabhra – Aibreán |
| *2. Tráth bainte* | Iúil – Lúnasa | | Lúnasa – Deireadh Fómhair |
| *3. Barr ionchais* | 7 – 9 tona/ ha | | 5 – 8 tona/ ha |

(ii) *Galar:*
*Rhynchosporium* (nó duillesmál) **nó** coincleach phúdrach **nó** caoch rua **nó** víreas abhcach buí na heorna **nó** súilbhall

(iii) *Lotnaid:*
Péisteanna rua **nó** cótaí leabhair **nó** aifidí **nó** éin **nó** drúchtíní

(iv) *Gránstóráil shábháilte sa gheimhreadh:*
Triomaigh (nó cion taise ceart nó 14-18% de chion taise)/ cóirithe le haigéad/ séalaithe/ teocht cheart/ dea-shláinteachas/ saor ó mhíolra/ aerú maith ***Dhá cheann ar bith***

**(c)** *Bainistiú na n-uan achréidhe:*

(i) *Cúram ag am breithe*:

Baintear múcas den uan/ triomaigh an t-uan (nó cuimil le cochán) nó déan cinnte de go líonn an chaora an t-uan/ tum imleacán in iaidín/ déan cinnte de go súnn an t-uan nó beathaigh leis an maothal/ easair thirim/ easair chocháin/ dea-shláinteachas/ maoirseacht leordhóthanach/ fothain mhaith nó breith uan faoi dhíon/ aistriú chuig loca breithe uan/ spreagadh a thabhairt do ghaol maith idir caora agus ua(i)n

***Dhá cheann ar bith***

(ii) *Athruithe sa réim bia:*

(c) Maothal / bainne caorach/ min (nó dlúthbhianna nó beatha)/ féar tirim/ sadhlas/ féar

***Dhá cheann ar bith***

(iii) *Ainmhithe faoi dhíon:*

Tirim/ easair chocháin/ aerú maith/ saor ó shéideáin/ dea-shláinteachas (nó glan)/ uisce glan soláthar/ locaí breithe uan aonair don chéad 2 – 3 lá/ grúplocaí le haghaidh 2 – 3 lá roimh ré ligean amach ***Dhá cheann ar bith*** **2(6) + 6(3)**

(iv) *Rialú galar:*

Maothal **nó** dea-shláinteachas **nó** vacsaíniú **nó** aerú leordhóthanach **nó** antaibheathaigh **nó** ua(i)n b(h)reoite a aonrú **nó** grodbheathú caora/caorach i dtreo deireadh an toirchis **nó** riaradh dáileog

(v) *Aois ag tráth scoite*:

12 – 16 seachtaine

**(d)** (i) *Feidhmeanna próitéine cothaithí:*

Fás/ deisiú na bhfíochán damáistithe/ táirgeadh einsímí/ táirgeadh hormón/ antasubstaintí/ forbairt na bhfíochán matánach nó táirgeadh feola/ foirmiú fionnaidh nó cnis/ caighdeán bainne feabhsaithe ***Dhá cheann ar bith*** **2(2)**

(ii) *Tástáil próitéine:*

Sampla bia (nó sampla bia ainmnithe) i gcóimheastóir triaileadán (nó coimeádán oiriúnach ar bith)/ cuir tuaslagán dé-úiréite leis (nó cuir CuSO4 agus NaOH leis)/ croith le himeascadh/ breac síos athrú datha/ léiríonn dath corcra (nó líolóige nó vialaite) próitéin i láthair/ athrú ar bith (nó dath gorm) sa chóimheastóir

[*is féidir na pointí go léir sin a fháil ón léaráid lipéadaithe*] ***Ceithre cinn ar bith*** **4(3)**

(iii) *Beathuithe toirtiúla v dlúthbhianna:*

| Beathuithe toirtiúla | | Dlúthbhianna |
|---|---|---|
| Cion uisce ard | **nó** | Cion uisce íseal |
| Cion gairbhsí ard | **nó** | Cion gairbhsí íseal |
| Bia ísealfhuinnimh | **nó** | Bia ardfhuinnimh |
| Cion ábhair thirim íseal | **nó** | Cion ábhair thirim ard |

***Aon cheann ar bith*** **4**

*Sampla de gach ceann:*

*Beathuithe toirtiúla:* féar **nó** sadhlas **nó** féar tirim **nó** féarlas **nó** barra fréimhe (nó barr fréimhe ainmnithe) **nó** barr farae (nó barr farae ainmnithe) **2**

*Dlúthbhianna:* Gránaigh (nó gránach ainmnithe) **nó** molás **nó** laíon biatais **nó** min pónaire soighe **2**

| | | |
|---|---|---|
| | (iv) *Cuid chothaithe:*<br>An méid beathaithe a theastaíonn ó ainmhí chun meáchan coirp cobhsaí a chothabháil **nó** an méid beathaithe a theastaíonn chun ainmhí a choinneáil sláintiúil | **3** |
| | (v) *Cuid táirgeachta:*<br>An méid beathaithe breise a theastaíonn ó ainmhí leis na nithe a leanas a tháirgeadh:<br>1 kg de breisiú beomheáchain **nó** 1 lítear de bhainne **nó** 1 kg d'olann **nó** lao **nó** uan | **3** |